



An Coiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh

2019/2156(INI)

3.6.2020

TUAIRIM

ón gCoiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh

chuig an gCoiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia

maidir le ról AE ó thaobh foraoisí an domhain a chosaint agus a athbhunú
(2019/2156(INI))

Rapóirtéir don tuairim: Mauri Pekkarinen

PA_NonLeg

MOLTAÍ

Iarrann an Coiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh ar an gCoiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia, mar an coiste atá freagrach, na moltaí seo a leanas a ionchorprú ina thairiscint i gcomhair rúin:

- A. de bhrí go n-éilítear le beartas éifeachtach inbhuanaithe foraoise faisnéis iontaofa faoi acmhainní foraoise, faoina staid agus faoin gcaoi a ndéantar iad a bhainistiú agus a úsáid, agus faisnéis iontaofa freisin maidir le hathrú ar thalamhúsáid;
- B. de bhrí go bhfuil foraoisí agus an slabhra luacha atá bunaithe ar fhoraoisí lárnach i bhforbairt bhreise an bhithgheilleagair chiorclaigh trí phoist agus leas eacnamaíoch a chur ar fáil i gceantair thuaithe agus uirbeacha, as a dtiocfadh maolú ar an athrú aeráide agus tairbhí a bhaineann leis an tsláinte;
 1. á mheabhrú go bhfuiltear ag dréim leis go ngníomhóidh AE agus a Bhallstáit go práinneach chun foraoisí a chosaint agus a athbhunú chun a ngealltanais faoi Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SDGanna) na Náisiún Aontaithe, faoi Chomhaontú Pháras, faoi Phlean Straitéiseach Domhanda um Bithéagsúlacht 2011-2020, agus faoi Phlean Straitéiseach na Náisiún Aontaithe i ndáil le Foraoisí agus na spriocanna domhanda foraoise atá ann a bhaint amach;
 2. á chur in iúl gur cúis bhuartha di, in ainneoin iarrachtaí AE agus a Bhallstát, nach dócha go gcomhlíonfar gealltanais AE ó thaobh stop a chur leis an dífhoraoisiú faoi 2020 mar chuid de na SDGanna; ag tacú go láidir leis an gCoimisiún, dá bhrí sin, ina thogra maidir le dlús a chur leis an ngníomhaíocht ó thaobh foraoisí an domhain a chosaint agus a athbhunú;
 3. á chur i bhfáth gur fadhbanna tromchúiseacha iad an dífhoraoisiú domhanda agus an díghrádú foraoise, agus, dá bhrí sin, á chur in iúl gur díol sásaimh di an teachtaireacht ón gCoimisiún an 23 Iúil 2019 dar teideal ‘Dlús a chur le gníomhaíocht AE chun foraoisí an domhain a chosaint agus a athbhunú’ (COM(2019)0352);
 4. ag tabhairt dá haire na tosaíochtaí don ghníomhaíocht a leagtar amach sa teachtaireacht, agus ag cur a tiomantais in iúl páirt ghníomhach a ghlacadh ó thaobh na ngníomhachtaí a dtugtar tuairisc orthu sa teachtaireacht a fhorbairt tuilleadh chun go mbeidís éifeachtach agus comhlántach, agus á iarraidh go ndéanfaí na gníomhachtaí a neartú agus a chur chun feidhme go cuí ina dhiaidh sin; ag cur béim ar an ngá atá le cur chuige iomlánaíoch; ag cur béim ar an ngá atá le gníomhaíochtaí a bheith bunaithe ar thrí cholún na hinbhuanaitheachta, eadhon an inbhuanaitheacht chomhshaoil, eacnamaíoch agus shóisialta;
 5. ag cur béim ar an bhfíoras gur féidir le bainistiú inbhuanaithe foraoisí cosc a chur leis an dífhoraoisiú agus go bhfuil tionchar dearfach aige ar shláinte agus ar éagsúlacht na bhforaoisí; ag soláthar ceapadh carbóin agus stóráil charbóin i bhforaoisí atá láidir agus atá ag fás; ag soláthar stóráil charbóin i dtáirgí adhmaid lománaithe; agus, freisin, ag soláthar amhábhair atá in-athnuaite agus neamhdhíobhálach don aeráid, a d’fhéadfaí a chur in ionad ábhair atá dian ar fhuinneamh agus breoslaí iontaise;
 6. ag cur i bhfáth a thábhachtaí atá sé cur chuige comhpháirtíochta cuimsithí a éascú ar gach leibhéal le tríú tíortha chun treisiú ar an mbainistiú inbhuanaithe talún agus

talmhaíochta, mar aon le tionacht talún agus dea-rialachas, an geilleagar ciorclach atá bunaithe ar adhmaid agus nach mbíonn dífhoraóisíú mar thoradh air, agus chun an caidreamh láidir eatarthu a fhorbairt tuilleadh chun dul i ngleic leis an dífhoraóisíú, agus cearta na bpobal dúchasach, na bhfeirmeoirí beaga agus na bpobal áitiúil á n-urramú;

7. ag tabhairt dá haire a thábhachtaí atá sé a áirithiú go gcuirfí an dífhoraóisíú san áireamh in idirphléití polaitiúla ar leibhéal na tíre agus cuidiú le tíortha comhpháirtíochta creataí náisiúnta don fhoraoiseacht agus don fhoraoiseacht inbhuanaithe a fhorbairt agus a chur chun feidhme, lena gcuirfear cineálacha éagsúla bainistithe foraoise sna Ballstáit san áireamh; ag cur béim ar an bhfíoras nach mór do na creataí náisiúnta sin na riachtanais náisiúnta a léiriú, mar aon le gealltanais domhanda; ag cur béim ar an bhfíoras gur gá sásraí dreasachta a chur chun feidhme d'fheirmeoirí beaga chun an t-éiceachóras agus na táirgí a chuirtear ar fáil leis an bhforaoiseacht agus an fheirmeoireacht inbhuanaithe a chothú agus a fheabhsú;
8. á thabhairt chun suntais go bhfuil taighde agus nuálaíocht shuntasach maoinithe ag Fís 2020 cheana féin maidir le haistriú i dtreo cleachtais talamhúsáide agus slabhraí soláthair chun stop a chur leis an dífhoraóisíú agus díghrádú foraoisí; á iarraidh go gcuirfí tuilleadh cistithe ar fáil chun gur féidir le Fís Eorpach leanúint de thacaíocht a sholáthar sna réimsí sin;
9. ag cur béim ar an bhfíoras gur gá cur chun feidhme an Rialacháin Adhmaid ó AE¹ a chothú chun cosc a chur ar theacht isteach adhmaid ó fhoinsí neamhdhleathacha ar mhargadh aonair AE;
10. á thabhairt chun suntais gur gá infheistíochtaí príobháideacha a ghíaráil chun aghaidh a thabhairt ar chúiseanna an dífhoraoisithe agus chun na SDGanna agus Comhaontú Pháras a bhaint amach; chun na críche sin, á thabhairt chun suntais a thábhachtaí atá comhshaol iomaíoch rialála agus gur gá go mbeadh na geallsealbhóirí rannpháirteach go hiomlán ag gach céim den phróiseas beartais;
11. ag cur béim ar an ngá atá le tuilleadh meastóireachta a dhéanamh ar bhearta rialála agus neamhrialála breise ar thaobh an éilimh de, bearta atá i gcomhréir leis an Eagraíocht Dhomhanda Trádála, chun comhthuiscint na slabhraí soláthair nach mbíonn dífhoraóisíú mar thoradh orthu a áirithiú; ag cur béim ar an bhfíoras gur gá trédhearcacht an tslabhra soláthair a mhéadú agus íoslághdú a dhéanamh ar riosca an dífhoraoisithe i gcoitinne agus ar an dífhoraóisíú a bhaineann le hallmhairiú tráchtearraí isteach in AE; á iarraidh ar an gCoimisiún idirphlé a thionscnamh le tíortha tomhaltais eile faoi shlabhraí soláthair nach mbíonn dífhoraóisíú mar thoradh orthu, faoi mhaoiniú agus faoi infheistíocht;
12. á iarraidh ar an gCoimisiún tacú le nuálaíocht agus tionscnaimh atá spreagtha ag an tionscal agus iad a spreagadh chun inbhuanaitheacht sna slabhraí luacha a fheabhsú;
13. á iarraidh ar an Aontas tacú, i ndlúthchomhar leis na Ballstáit, leis an bhfaireachán ar an dífhoraóisíú agus ar dhíghrádú foraoisí trí úsáid a bhaint as sonraí maidir le faire an domhain ó fhoinsí éagsúla agus trí shatailítí íomháiithe talún níos mionsonraithe a

¹ Rialachán (AE) Uimh. 995/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Deireadh Fómhair 2010 lena leagtar síos oibleagáidí na n-oibreoirí a chuireann adhmaid agus táirgí adhmaid ar an margadh (IO L 295, 12.11.2010, lch. 23).

fhorbairt chun faireachán cruinn a dhéanamh ar an dífhoraíocht agus i bhfíor-am; ag tabhairt dá haire go mbeadh an fhaisnéis a chuirfí ar fáil ina huirlis luachmhar chun comhrac in aghaidh an dífhoraíochta ar fud an domhain;

14. á iarraidh ar an gCoimisiún trédhearcacht na slabhraí soláthair a mhéadú, riosca an dífhoraíochta don tionscal agus do thomhaltóirí a íoslághdú, nithe a rannchuideoidh le slabhraí soláthair nach mbíonn dífhoraíocht mar thoradh orthu a áirithiú;
15. ag cur béim ar an bhfíoras gur gá na caighdeáin agus na córais deimhniúcháin atá ann cheana sa lá atá inniu ann a neartú in ionad caighdeáin agus deimhnithe nua a ionchorprú sna rialacha agus, thairis sin, nach mór do na caighdeáin agus na córais deimhniúcháin rialacha na hEagraíochta Domhanda Trádála a chomhlíonadh;
16. á iarraidh go n-ardófaí feasacht i measc thomhaltóirí agus tionscail AE faoin ngá atá le laghdú a dhéanamh ar ár lorg tomhaltais ar an talamh agus ag spreagadh daoine chun táirgí a thomhailt ó shlabhraí soláthair ‘nach mbíonn dífhoraíocht mar thoradh orthu’, agus ag spreagadh bhithgheilleagar AE chun slabhraí soláthair den sórt sin a chur ar bun;
17. á iarraidh ar an gCoimisiún an athuair togra le haghaidh creat dlíthiúil Eorpach atá bunaithe ar dhícheall cuí a thíolacadh gan mhoill chun slabhraí soláthair atá inbhuanaithe agus nach mbíonn dhífhoraíocht mar thoradh orthu a ráthú do na táirgí uile a chuirtear ar mhargadh AE i gcomhréir le caighdeáin agus oibleagáidí idirnáisiúnta; ag éileamh go mbeadh sásra forfheidhmithe láidir ag gabháil leis an reachtaíocht sin agus go mbeadh pionóis éifeachtacha, chomhréireacha agus athchomhairleacha i leith neamhchomhlíonadh mar chuid di.

FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

Dáta an ghlactha	28.5.2020
Toradh na vótála críochnaithí	+: 54 -: 1 0: 23
Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach	François Alfonsi, Nicola Beer, François-Xavier Bellamy, Hildegard Bentele, Tom Berendsen, Vasile Blaga, Michael Bloss, Manuel Bompard, Paolo Borchia, Marc Botenga, Markus Buchheit, Klaus Buchner, Martin Buschmann, Cristian-Silviu Buşoi, Jerzy Buzek, Carlo Calenda, Andrea Caroppo, Maria da Graça Carvalho, Ignazio Corrao, Josianne Cutajar, Nicola Danti, Pilar del Castillo Vera, Martina Dlabajová, Christian Ehler, Valter Flego, Niels Fuglsang, Lina Gálvez Muñoz, Claudia Gamon, Jens Geier, Nicolás González Casares, Bart Groothuis, Christophe Grudler, András Gyürk, Henrike Hahn, Robert Hajšel, Ivo Hristov, Ivars Ijabs, Romana Jerković, Eva Kaili, Seán Kelly, Izabela-Helena Kloc, Łukasz Kohut, Zdzisław Krasnodębski, Andrius Kubilius, Miapetra Kumpula-Natri, Thierry Mariani, Marisa Matias, Eva Maydell, Georg Mayer, Joëlle Mélin, Iskra Mihaylova, Dan Nica, Angelika Niebler, Ville Niinistö, Aldo Patriciello, Mauri Pekkarinen, Mikuláš Peksa, Tsvetelina Penkova, Morten Petersen, Markus Pieper, Clara Ponsatí Obiols, Sira Rego, Jérôme Rivière, Robert Roos, Sara Skytvedal, Maria Spyrali, Jessica Stegrud, Beata Szydło, Grzegorz Tobiszowski, Patrizia Toia, Evžen Tošenovský, Marie Toussaint, Isabella Tovaglieri, Henna Virkkunen, Pernille Weiss, Carlos Zorrinho
Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach	Jutta Paulus, Edina Tóth

TORADH NA VÓTÁLA CRÍOCHNAITHÍ LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

54	+
GUE/NGL	Manuel Bompard, Marc Botenga, Marisa Matias, Sira Rego
NI	Martin Buschmann, Clara Ponsatí Obiols
PPE	François-Xavier Bellamy, Hildegard Bentele, Tom Berendsen, Vasile Blaga, Cristian-Silviu Buşoi, Jerzy Buzek, Maria Da Graça Carvalho, Pilar Del Castillo Vera, Christian Ehler, András Gyürk, Seán Kelly, Andrius Kubilius, Eva Maydell, Angelika Niebler, Aldo Patriciello, Markus Pieper, Sara Skyttedal, Maria Spyraiki, Edina Tóth, Henna Virkkunen, Pernille Weiss
Renew	Nicola Beer, Nicola Danti, Martina Dlabajová, Valter Flego, Claudia Gamon, Bart Groothuis, Christophe Grudler, Ivars Ijabs, Iskra Mihaylova, Mauri Pekkarinen, Morten Petersen
S&D	Carlo Calenda, Josianne Cutajar, Niels Fuglsang, Lina Gálvez Muñoz, Jens Geier, Nicolás González Casares, Robert Hajšel, Ivo Hristov, Romana Jerković, Eva Kaili, Łukasz Kohut, Miapetra Kumpula-Natri, Dan Nica, Tsvetelina Penkova, Patrizia Toia, Carlos Zorrinho

1	-
ECR	Robert Roos

23	0
ECR	Izabela-Helena Kloc, Zdzisław Krasnodębski, Jessica Stegrud, Beata Szydło, Grzegorz Tobiszowski, Evžen Tošenovský
ID	Paolo Borchia, Markus Buchheit, Andrea Caroppo, Thierry Mariani, Georg Mayer, Joëlle Mélin, Jérôme Rivière, Isabella Tovaglieri
NI	Ignazio Corrao
Verts/ALE	François Alfonsi, Michael Bloss, Klaus Buchner, Henrike Hahn, Ville Niinistö, Jutta Paulus, Mikuláš Peksa, Marie Toussaint

Eochair:

+ : i bhfabhar

- : i gcoinne

0 : staonadh